Department for
Employment
and Learning
www.delni.gov.uk

Department of
Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN
Oideachais
MÄNNYSTRIE O
Lear

AG ULLMHÚ DON RATHÚLACHT

TUAIRISC FORFHEIDHMITHE

MÁRTA 2011

INTREOIR

Ba iad an Roinn Oideachais (RO) agus an Roinn Fostaíochta agus Foghlama (RFF) a chomhfhoilsigh ***Ag Ullmhú don Rathúlacht,*** Straitéis agus Plean Forfheidhmithe um Oideachas, Faisnéis, Comhairle agus Treoir faoi Ghairmeacha (CEIAG), in Eanáir na bliana 2009. Is é ab aidhm leis an straitéis seo "cinnteoirí éifeachtacha a fhorbairt maidir le gairmeacha, rud a n-eascróidh rannpháirtíocht mhéadaithe iomchuí as san oideachas, san oiliúint agus san fhostaíocht" agus tacú le Curaclam Leasaithe RO lena n-áirítear polasaithe an Chreata Teidlíochta agus 'Rathúlacht trí Scileanna' – Straitéis Scileanna Thuaisceart Éireann de chuid RFF.

Táthar i ndiaidh plean forfheidhmithe na straitéise a fhorbairt thart ar 5 eochairthéama, mar atá:

- oideachas faoi ghairmeacha a fheabhsú;
- rochtain ar eolas faoi ghairmeacha a fheabhsú;
- comhairle agus treoir faoi ghairmeacha a fheabhsú;
- caighdeán a fheabhsú;
- forbairt ghairmiúil a fheabhsú.

Cé go bhfuil athbhreithniú foirmeálta ar an straitéis beartaithe le haghaidh 2014, is é is sprioc leis an cháipéis seo achoimre ghearr a sholáthar ina dtabharfar breac-chuntas ar an dul chun cinn atá déanta maidir leis na gníomhaíochtaí atá liostaithe faoi na 5 eochairthéama. Tá crostagairt idir na gníomhaíochtaí agus eochaireilimintí den straitéis.

Is féidir an straitéis iomlán agus an plean forfheidhmithe a léamh ag http://www.delni.gov.uk/es/ceiag_pfs.pdf nó http://www.deni.gov.uk/ceiag_pfs-2.pdf.

OIDEACHAS FAOI GHAIRMEACHA A FHEABHSÚ

Gníomh 1

Grúpa stiúrtha CEIAG a bhunú le maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú agus ar mheasúnú na straitéise.

BAINTE AMACH: Táthar i ndiaidh Grúpa Stiúrtha a bhunú ar a ndéanann stiúrthóirí ceannais in RO agus in RFF cathaoirleacht agus ina bhfuil ionadaithe ó RFTI, ón Business Alliance agus ón Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (ETI), agus cruinníonn an grúpa seo le chéile dhá uair sa bhliain le maoirsiú a dhéanamh ar fhorfheidhmiú agus ar mheasúnú na straitéise. Tá liosta iomlán ballraíochta le fáil in Iarscríbhinn A.

Gníomh 2

RO agus RFF le hathbhreithniú ar CEIAG a choimisiúnú in 2014.

Tá athbhreithniú foirmeálta ar an straitéis beartaithe le haghaidh 2014.

Gníomh 3

RO le Léarscáil agus Treoir CEIAG a fhoilsiú agus a eisiúint chuig gach scoil, coláiste breisoideachais agus eagras oiliúna faoi Eanáir 2009

BAINTE AMACH: Eisíodh an léarscáil agus an treoir chuig gach scoil, coláiste breisoideachais agus eagras oiliúna in Eanáir 2009. Tá an t-aiseolas atá faighte ó na scoileanna iontach dearfach agus táthar i ndiaidh béim a chur ar thábhacht na ceannasaíochta maidir le gairmeacha sna scoileanna. Is léir ó fhianaise ón ETI, aon áit a bhfuil an soláthar CEIAG maith nó níos fearr, gurb amhlaidh gur úsáid na scoileanna an léarscáil agus an treoir CEIAG le cláir iomlána CEIAG a fhorbairt.

Gníomh 4

Faoi Mhárta 2009, Grúpa Oibre um Theagmháil le Lucht Gnó le bunú le tacú le scoileanna agus le coláistí agus iad ag soláthar foghlaim obair-bhainteach.

AR BUN: Is é a beartaíodh mar phríomhfhócas ag an Ghrúpa um Theagmháil le Lucht Gnó go dtógfaí ar naisc ghairmeacha a bhí ann cheana idir earnáil an oideachais agus lucht gnó trí struchtúr níos foirmeálta. Tá am caite ag Business Alliance agus ag RO ag fiosrú cén dóigh is fearr ar féidir é seo a bhaint amach lena chinntiú chomh maith go mbeidh comhaontú ann ar fud an phobail ghnó. De thoradh na teagmhála seo, tá sraith cruinnithe beartaithe ag RO le comhlachtaí

ionadaíochta gnó le léargas a thabhairt dóibh ar an obair atá ar bun faoi láthair sna scoileanna maidir le hoideachas gnó. Ba cheart go n-eascródh deiseanna as an teagmháil sin le go dtig fiosrú níos mionsonraithe a dhéanamh ar dhearcadh lucht gnó i leith an oideachais faoi ghairmeacha agus lena shainmhíniú cé na dóigheanna is fearr ar féidir le lucht gnó ról níos mó a ghlacadh maidir le hoideachas faoi ghairmeacha laistigh de scoileanna.

Gníomh 5

Maoiniú a choinneáil don infhostaitheacht agus do thionscnaimh foghlama obair-bhainteacha go dtí Márta 2010.

BAINTE AMACH: Gach bliain, bíonn breis agus 100,000 foghlaimeoir atá in aois scoile rannpháirteach i gcláir foghlama infhostaitheachta agus obair-bhainteacha a bhfuil sé d'aidhm acu cruthaitheacht agus nuálaíocht a chur chun cinn; daoine óga a chur i dteagmháil le saol an ghnó agus na fiontraíochta; agus deiseanna a sholáthar ina spreagfaí smaointe úra agus smaointeoireacht úr. Áirítear orthu seo: socrúcháin taithí oibre; comhdhálacha gairmeacha, comórtais; taispeántais agus ceiliúradh sármhaitheasa; agus cláir sainiúla ETIM (eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic).

Gníomh 6

Plean gníomhaíochta Gairmeacha ETIM a fhorfheidhmiú faoi Aibreán 2009.

BAINTE AMACH: Chuir na Boird Oideachais agus Leabharlann (na Boird) Plean Gníomhaíochta Comhpháirteach, maoinithe ag RO, i dtaca le hOideachas, Eolas, Comhairle agus Treoir faoi Ghairmeacha ETIM (CEIAG) i bhfeidhm agus táthar i ndiaidh tógáil ar na torthaí a d'eascair as an chéad bhliain den fhorfheidhmiú. Seo thíos cuid dá bhfuil bainte amach:

- Reáchtáladh 3 chomhdháil idirghníomhacha, dírithe ar an innealtóireacht, idir Feabhra agus Márta 2011 agus d'fhreastail múinteoirí ábhair ETIM agus múinteoirí CEIAG orthu seo. Mar chuid den chlár bhí cuairteanna le comhlachtaí innealtóireachta;
- Tugadh Oiliúint In-seirbhíse maidir le sraith straitéisí ETIM CEIAG;
- Tá níos mó scoileanna i ndiaidh Foireann ETIM/CEIAG a chur ar bun;
- Rinneadh bróisiúr ETIM, 'What is STEM' a chur le chéile agus scaipeadh é seo ar gach iar-bhunscoil;
- Rinneadh DVD, 'Why STEM' a chur le chéile agus a scaipeadh ar gach scoil; agus
- Tá Plean Forfheidhmithe forbartha ag gach Pobal Foghlama Ceantair (ALC) ina n-áirítear spriocanna maidir le ETIM CEIAG.

Rinne an Chigireacht Oideachais agus Oiliúna breithmheas ar fhorfheidhmiú an phlean ghníomhaíochta agus eisíodh tuairisc forfheidhmithe i mí Iúil 2010. Bhí

san áireamh sa tuairisc seo roinnt moltaí maidir le feabhsúcháin a bhfuil na Boird ag plé leo faoi láthair.

ROCHTAIN AR EOLAS FAOI GHAIRMEACHA A FHEABHSÚ

Gníomh 7

Faoi Nollaig 2009, curadh faisnéise a cheapadh sa tSeirbhís Gairmeacha d'fhonn caighdeáin agus inrochtaineacht ar fhaisnéis faoin mhargadh fostaíochta a fhorbairt agus lena chinntiú go mbeidh an oiliúint chuí curtha ar bhaill foirne a bhíonn ag plé le gairmeacha.

BAINTE AMACH: Táthar i ndiaidh Curadh Faisnéise a cheapadh agus táthar ag dúil le go mbeidh sé ag comhoibriú le Foireann Seirbhísí Anailíseacha na Roinne, leis na Comhairlí Scileanna Earnála, le Comhairleoirí Gairmeacha agus le cliaint d'fhonn Faisnéis ar an Mhargadh Fostaíochta atá fóirsteanach agus chun dáta a choinneáil agus a fhorbairt agus lena chinntiú go mbíonn sí seo insroichte go furasta ag cliaint.
Is é an rud is mó atá bainte amach go dtí seo forbairt na mBileog Eolais Tionscail. Rinneadh iad seo a fhorbairt i gcomhpháirt leis na 25 Comhairle Scileanna Earnála agus lainseáladh in 2009 iad. Tá sonraíocht ar fáil sna Bileoga Eolais maidir le hionchais fostaíochta, scileanna ábhartha agus riachtanais iontrála agus aibhsítear deiseanna iontu chomh maith; tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Gairmeacha: ***http://www.careersserviceni.com/NR/exeres/B6C67545-136B-4223-A9AE-A68D150C11F3,frameless.htm?NRMODE=Published***. Tá an tsonraíocht seo á hathnuachan i láthair na huaire agus beidh leagan nuashonraithe ar fáil faoi shamhradh 2011.

Tá oiliúint faighte ag gach Comhairleoir Gairmeacha maidir le húsáid éifeachtach na Faisnéise faoin Mhargadh Fostaíochta le linn an phróisis treorach agus bhí an fhoireann páirteach i roinnt imeachtaí le cur le feasacht ar na Bileoga Eolais Tionscail i measc chomhairleoirí na mBord agus múinteoirí agus tá na bileoga eolais in úsáid go forleathan anois i scoileanna.

Gníomh 8

Mol Faisnéise Gairmeacha a fhorbairt faoi Mheán Fómhair 2010 d'fhonn rochtain ar fhaisnéis chun dáta faoin mhargadh fostaíochta a fheabhsú.

AR BUN: Is ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Gairmeacha atá an príomh-mhol maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi ghairmeacha i dTuaisceart Éireann. Tá an suíomh gréasáin ceangailte chomh maith le NIdirect, an suíomh gréasáin oifigiúil de chuid an rialtais le haghaidh saoránaigh Thuaisceart Éireann agus is féidir teacht ar fhaisnéis faoi ghairmeacha ar an rannán fostaíochta den suíomh

www.nidirect.gov.uk. Tá fáil ar na Bileoga Eolais Tionscail a ndearnadh trácht orthu thuas ar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Gairmeacha mar aon le réimse leathan eolais ar shaol na hoibre agus naisc chuig suíomhanna gréasáin ábhartha eile a bhaineann le hoideachas, oiliúint agus fostaíocht.

Ó foilsíodh "Ag Ullmhú don Rathúlacht" tá méadú tagtha ar an spéis atáthar a léiriú, ar fud na RA, i gcur chuige ilchainéalach a fhorbairt i leith sholáthar na Faisnéise, na Comhairle agus na Treorach faoi Ghairmeacha (CIAG). Tá sé seo amhlaidh, go páirteach, mar gheall ar an ghá atá le húsáid éifeachtach acmhainní agus ar a bharr sin mar gheall ar an ghá atá le freastal ar ionchas custaiméirí maidir le hinrochtaineacht agus le húsáid na teicneolaíochta atá ar fáil. Tá obair sa siúl le dearadh agus ábhar shuíomh gréasáin na Seirbhíse Gairmeacha a athnuachan agus tá comhphlé ar bun le NIdirect agus oifigigh i Sasana, in Albain agus sa Bhreatain Bheag d'fhonn forbairt a dhéanamh ar úsáid na dteicneolaíochtaí eile.

COMHAIRLE AGUS TREOIR FAOI GHAIRMEACHA A FHEABHSÚ

Gníomh 9

Faoi Mheán Fómhair 2009, an tSeirbhís Gairmeacha le comhairleoirí breise gairmeacha a earcú le dul i ngleic leis an ghá atá le CIAG méadaithe i mBliain 10.

BAINTE AMACH: Le tacú le forfheidhmiú na straitéise, cheadaigh RFF go n-ardófaí líon na gcomhairleoirí cáilithe gairmeacha ó 82 go dtí 105. Ó tionscnaíodh "Ag Ullmhú don Rathúlacht", tá 39 comhairleoir úr gairmeacha earcaithe ag an Roinn leis na poist nua agus na folúntais a cruthaíodh le haistriú foirne a líonadh. Is é 104 líon iomlán na gcomhairleoirí gairmeacha atá fostaithe faoi láthair (a chomhionann lánaimseartha).

Pointe tábhachtach cinnteoireachta is ea bliain 10 do dhaoine óga sa mhéid is go mbíonn orthu cinntí a dhéanamh maidir leis na cúrsaí a ngabhfaidh siad leo. Tá sé tábhachtach go ndéanfadh siad cinntí eolasacha maidir le roghanna féideartha staidéir agus gairmeacha don todhchaí. Tá sé thar a bheith tábhachtach, maidir le roghanna ETIM go háirithe, go gcoinneodh siad a gcuid roghanna oscailte. Táthar in acmhainn anois, leis an mhéadú ar líon na gcomhairleoirí gairmeacha, tacaíocht neamhchlaonta a chur ar fáil do dhaltaí bhliain 10 ag an chéim ríthábhachtach seo den phróiseas cinnteoireachta gairmeacha. Déantar an tseirbhís seo a thairscint anois mar rogha lárnach sa roghchlár de sheirbhísí atá ar fáil mar chuid den Chomhaontú Comhpháirtíochta idir an tSeirbhís Gairmeacha agus gach iar-bhunscoil, mar atá leagtha amach thíos.

Gníomh 10

Faoi Mheán Fómhair 2009, comhpháirtíochtaí éifeachtacha a bhunú idir gach iar-bhunscoil, earnáil an bhreisoideachais, soláthróirí oiliúna agus printíseachtaí agus an tSeirbhís Gairmeacha lena chinntiú go soláthraítear comhairle agus treoir neamhchlaonta faoi ghairmeacha, atá ar ardchaighdeán, do dhaoine óga.

AR BUN: Formhuiníodh agus cuireadh síos do shamhail chomhpháirtíochta na gairmtreorach sa straitéis gurbh í an cineál soláthair is fearr do dhaoine óga. Fágann sé seo go mbíonn scoileanna, coláistí agus eagrais oiliúna freagrach as oideachas faoi ghairmeacha a sholáthar agus go mbíonn áisíneacht sheachtrach (an tSeirbhís Gairmeacha) freagrach as comhairle agus treoir neamhchlaonta faoi ghairmeacha a sholáthar.

I gcomhréir le moltaí in "Ag Ullmhú don Rathúlacht", bhí an tSeirbhís Gairmeacha ag obair go dlúth le RO, leis na Boird, le ETI agus le scoileanna le socruithe úra éifeachtacha comhpháirtíochta a fhorbairt. Is é a bhí i gceist leis seo i mbliain 1 go ndearnadh scagadh ar na socruithe oibre a bhí i bhfeidhm roimhe ach i mbliain 2 rinneadh athbhreithniú níos bunúsaí agus d'fhág sé seo gur forbraíodh Comhaontú úr Comhpháirtíochta, rud a tugadh isteach i Meán Fómhair 2010. Tá Comhaontuithe Comhpháirtíochta i bhfeidhm anois le 99% d'iar-bhunscoileanna.

Is é is aidhm leis an chomhaontú creat a sholáthar lena chinntiú go mbíonn teacht ag gach foghlaimeoir san iar-bhunoideachas ar Oideachas, Faisnéis, Comhairle agus Treoir faoi Ghairmeacha atá ar ardchaighdeán agus atá neamhchlaonta agus lena chur ar chumas daoine óga cinnteoireacht éifeachtach faoi ghairmeacha a dhéanamh.

Baineadh feidhm as samhail seo an chomhaontaithe chomhpháirtíochta le comhaontuithe comhpháirtíochta comhchosúla a fhorbairt le freastal ar riachtanais ghairmtreorach na ndaoine óga sa bhreisoideachas agus san oiliúint. Tá obair sa siúl le comhaontú comhpháirtíochta a fhorbairt le tacú leis na conarthaí úra Training for Success and Apprenticeship. Bhí comhphlé ann maidir le socruithe oibre comhroinnte d'fhonn Comhaontuithe Comhpháirtíochta níos foirmeálta a leasú agus a chomhaontú le hearnáil an Bhreisoideachais. Tabharfar an obair seo níos faide chun cinn in 2011 i gcomhairle leis na páirtithe leasmhara iomchuí.

Gníomh 11

Saoráidí fóirsteanacha a bhunú ina soláthrófar Faisnéis, Comhairle agus Treoir faoi Ghairmeacha do dhaoine óga agus do dhaoine fásta óga faoi Mhárta 2013.

AR BUN: Tá tástáil déanta ar shamhail úr seachadta, mar atá, Ionad Acmhainní Gairmeacha, i mBéal Feirste agus i nDoire, ina soláthraítear seirbhísí treorach gairmeacha ar bhonn buail isteach agus saor-rochtain ar an idirlíon le haghaidh taighde ar ghairmeacha. Formhuiníodh an cur chuige seo le hathbhreithniú seachtrach a rinne an International Centre for Guidance Studies ag Ollscoil Derby agus moladh gur cheart glacadh leis an tsamhail agus go leathnófaí í go dtí limistéir gheografacha eile agus gur cheart do gach ionad "úr" na háiseanna agus na hacmhainní a fhorbairt le go mbeadh an tIonad Acmhainní Gairmeacha mar "mhol" a bheadh ag tacú le sraith "satailítí". Tá glactha ag Bord RFF leis na moltaí seo i bprionsabal ach sula rachfaí ar aghaidh le cur i bhfeidhm iomlán go ndéanfaí breis tástálacha ar an tsamhail i gceantair le daonra tuaithe. Tá obair ar bun le hIonaid Acmhainní Gairmeacha a bhunú i nDún Geanainn agus ar an Bhaile Mheánach. De bhreis air seo, tá obair idir lámha d'fhonn an timpeallacht custaiméirí a fheabhsú do chustaiméirí de chuid na Seirbhíse Gairmeacha in Oifigí Fostaíochta agus Leasa Shóisialaigh.

Gníomh 12

Pacáiste tacaíochta tuismitheoirí CEIAG a fhorbairt faoi Nollaig 2010.

AR BUN: Tá ról ríthábhachtach ag tuismitheoirí maidir le tacaíocht a thabhairt do dhaoine óga le cinntí fóirsteanacha gairmeacha a dhéanamh agus tá sé tábhachtach go mbíonn a fhios acu an dóigh le teacht ar na seirbhísí proifisiúnta treorach atá ar fáil. Tá roinnt dul chun cinn déanta sa réimse seo maidir le treoir a fhorbairt do thuismitheoirí le tacú leis na Bileoga Eolais Tionscail. Tá naisc bunaithe chomh maith ag an tSeirbhís Gairmeacha leis na hIonaid Chomhairle Tuismitheorí i mBéal Feirste agus san Iar-Thuaisceart agus bíonn an tSeirbhís ag comhoibriú go dlúth le Netmums, suíomh gréasáin a thacaíonn le tuismitheoirí agus a éascaíonn postáil eolais ó eagrais iomchuí phroifisiúnta. Tá pleananna i bhfeidhm le go mbeidh nasc chuig an tSeirbhís Gairmeacha agus nuashonrú maidir le heolas ar ghairmeacha ar shuíomh gréasáin Netmums.

Tá litreacha curtha chuig scoileanna ag RO i rith na bliana inar moladh go gcuirfeadh siad tuismitheoirí ar an eolas maidir leis an chomhaontú comhpháirtíochta a dhéanann foirmeálta na socruithe leis an tSeirbhís Gairmeacha. De bhreis air seo, tá roinnt alt eisithe ag an tSeirbhís Gairmeacha chuig na nuachtáin agus trí inlíon NICS le tuismitheoirí a choinneáil ar an eolas maidir le seirbhísí ábhartha m.sh. Imeacht Gairmeacha Ollscoile agus Seirbhís Poist na dTorthaí.

Tá obair bhreise sa réimse seo ina tosaíocht le haghaidh 2011/12.

Gníomh 13

Go mbeidh soláthar éifeachtach CIAG i bhfeidhm faoi 2010 le haghaidh daoine óga agus daoine fásta a bheadh leochaileach ó thaobh an eisiaimh shóisialta de.

AR BUN: Soláthraíonn an tSeirbhís Gairmeacha seirbhís uilíoch faisnéise, comhairle agus treorach do chliaint ar gach aois lena n-áirítear iad sin atá leochaileach ó thaobh an eisiaimh shóisialaigh de. Bíonn baill foirne ag gabháil don fhorbairt ghairmiúil ar bhonn leanúnach agus tá oiliúint feasachta faighte acu maidir le réimse de mhíchumais agus de bhacainní roimh an fhostaíocht.

Tá comhaontuithe comhpháirtíochta i bhfeidhm le réimse d'eagraíochtaí lena n-áirítear Iontaobhais Sláinte agus Cúraim Shóisialta, a bhíonn ag feidhmiú mar thacadóirí do dhaoine óga, lena chinntiú go mbíonn socruithe atreoraithe i bhfeidhm le go mbíonn seirbhísí gairmtreorach insroichte go maith acu. Bhain an tSeirbhís Gairmeacha agus 'Include Youth' *National Careers Award* amach i Samhain na bliana 2011 mar gheall ar an chomhaontú comhpháirtíochta a bhí eatarthu agus iad ag díriú a gcuid oibre ar an eisiamh sóisialta. Tá Comhaontú Seirbhíse i bhfeidhm chomh maith leis an tSeirbhís Treorach Oideachais do Dhaoine Fásta (EGSA) (féach Gníomh 14) d'fhonn tacaíocht a sholáthar do dhaoine fásta i gCeantair Athnuachan Comharsanachta agus do dhaoine fásta a bhfuil baol ann go gcaillfidh siad a bpost de dheasca na hiomarcaíochta.

Bíonn an tSeirbhís Gairmeacha ag obair i rith an ama lena gcuid seirbhísí a fheabhsú agus tá dhá thionscadal idir lámha acu i láthair na huaire atá bainteach le seirbhísí do dhaoine óga agus do dhaoine fásta atá leochaileach ó thaobh an eisiaimh shóisialaigh de. Baineann tionscadal amháin le taighde a dhéanamh ar sheachadadh na seirbhíse gairmeacha do dhaoine óga agus do dhaoine fásta atá faoi mhíchumas agus baineann an ceann eile le seachadadh na seirbhíse gairmeacha do dhaoine a bhfuil bacainní eile rompu. Táthar le tuairisc a eisiúint mar gheall ar na tionscadail seo i Meitheamh na bliana 2011 agus beidh san áireamh sna tuairiscí seo athbhreithniú ar an chleachtas reatha i dTuaisceart Éireann, i gcodanna eile den RA agus i ndeisceart na hÉireann agus leagfar amach moltaí le go dtig tógáil ar bhuanna an chleachtais reatha.

Bhí dlúthbhaint ag an tSeirbhís Gairmeacha chomh maith le hullmhú an chomhairliúcháin ar Dhaoine Óga Nach bhFuil san Oideachas, san Oiliúint nó san Fhostaíocht agus déanfar breisfhorbairt air seo in 2011/12.

Gníomh 14

Faoi Mheán Fómhair 2009, soláthar éifeachtach a bheith cinntithe acu le tacú le RFF agus iad ag seachadadh seirbhísí treorach do dhaoine fásta.

BAINTE AMACH: Le linn 2009/10, rinne an Roinn athbhreithniú a choimisiúnú ar sholáthar na seirbhísí gairmtreorach do dhaoine fásta agus é mar aidhm aici

seirbhísí a shoiléiriú agus luach ar airgead a chinntiú. Is é ba chonclúid leis an athbhreithniú seo gur cheart don Roinn foinsí seachtracha a úsáid le haghaidh comhairleoireacht iomarcaíochta agus líonrú pobail agus gnéithe comhpháirtíochta de na seirbhísí gairmtreorach d'EGSA ar bhonn foirmeálta conarthach. Tá Comhaontú Seirbhíse 3 bliana anois i bhfeidhm.

Soláthraíonn an tSeirbhís Gairmeacha seirbhísí gairmtreorach do gach cliant fásta eile. Tá obair fógraíochta sa siúl le cur leis an fheasacht maidir le hinfhaighteacht na seirbhísí gairmtreorach do dhaoine fásta. Tá an tSeirbhís Gairmeacha ag comhoibriú go dlúth fosta leis an tSeirbhís Fostaíochta d'fhonn na comhaontuithe atreoraithe a neartú agus lena chinntiú go bhfaigheann daoine fásta dífhostaithe tacaíocht iomchuí le go dtig leo cinntí eolasacha a dhéanamh agus dul ar aghaidh chuig an fhostaíochta. Tháinig méadú ar líon na n-agallamh a rinne an tSeirbhís Gairmeacha le daoine fásta ó 3,506 in 2009/10 go dtí 8,677 in 2010/11.

CAIGHDEÁN A FHEABHSÚ

Gníomh 15

Táthar le glacadh leis na Caighdeáin Cáilíochta a chomhaontófar le ETI arna bhfoilsiú in Eanáir 2009.

AR BUN: D'eisigh ETI Táscairí Cáilíochta maidir le Faisnéis, Comhairle agus Treoir faoi Ghairmeacha chuig scoileanna agus coláistí agus eagrais oiliúna in 2010. De bhreis air seo, rinneadh Táscairí Cáilíochta maidir le Faisnéis, Comhairle agus Treoir faoi Ghairmeacha a roinnt leis an tSeirbhís Gairmeacha.

Tá glactha ag scoileanna agus coláistí leis na cáilíochtaí agus tá obair idir lámha d'fhonn na cáilíochtaí a thabhairt isteach mar chuid de na conarthaí úra le haghaidh Training for Success and Apprenticeships NI.

Tá na Caighdeáin Cáilíochta de chuid ETI á dtriail faoi láthair ag an tSeirbhís Gairmeacha in dhá aonad oibríochta ar bhonn féinmheasúnaithe.

Ó foilsíodh "Ag Ullmhú don Rathúlacht", táthar i ndiaidh an Matrix Standard a leasú – seo an caighdeán náisiúnta sa RA, a ndéantar é a mheas go seachtrach, maidir le soláthar faisnéise, comhairle agus treorach. Tá geallta ag an tSeirbhís Gairmeacha go mbeidh siad ag obair i dtreo gach saoráid neamhspleách a chreidiúnú faoi Mhárta 2013. Táthar le hathbhreithniú a dhéanamh ar an Ionad Acmhainní Gairmeacha i nDoire Cholmcille de réir an Matrix Standard i mí na Bealtaine 2011. I ndiaidh an athbhreithnithe déanfar comparáid idir na cáilíochtaí ETI agus déanfar cinneadh maidir le cé acu a ghlacfar le caighdeáin cáilíochta iomchuí ar fud na Seirbhíse Gairmeacha.

Gníomh 16

Tomhais tionchair agus táscairí feidhmíochta lena bhforbairt faoi Mhárta 2010

AR BUN: Thuairiscigh ETI ar CEIAG i 4 iar-bhunscoil in 2009-10. Ó Mheán Fómhair 2010, tá cigireacht agus tuairisciú déanta ag ETI ar chaighdeán CEIAG i ngach cigireacht iar-bhunscoile agus go dtí seo tá cigireacht déanta ar 23 iar-bhunscoil le linn 2010-11. I Meán Fómhair 2011, rinne ETI cigireacht dhírithe ceantair ar CEIAG in 8 scoil speisialta. Tá fócas saindírithe ar CEIAG ag ETI chomh maith i ngach cigireacht ar Bhreisoideachas agus ar Oiliúint. Tá ETI ag leanúint de bheith ag tógáil ar chumas scoileanna, coláistí agus eagras oiliúna féinmheastóireacht a dhéanamh maidir le CEIAG trína gcuid cuairteanna ar na heagrais seo agus trína gcuid gníomhaíochtaí cigireachta.

Bhí fócas ar CEIAG san áireamh i ngach cigireacht iar-bhunscoile ó bhí Aibreán 2010 ann. Ar a bharr seo, bhí foireann an oideachais speisialta ag obair ar ghairmeacha agus pleanáil i dtreo an aistrithe mar chuid den fhócas seachtaine ceantair acu. Bhí caighdeán na hoibre maidir le CEIAG a ndearnadh bhreithmheas uirthi le linn na tréimhse seo sásúil i mionchuid de scoileanna, maith nó iontach maith sa mhórchuid de scoileanna agus i scoil amháin bhí sé ar fheabhas. Beidh sé tábhachtach níos mó scoileanna a chlúdach le go dtig bheith níos críochnaithí maidir le treochtaí nó téamaí ar bith atá ag teacht chun chinn a shainaithint.

Mar sin féin, sna scoileanna ar cuireadh síos dóibh go dtí seo go raibh an caighdeán idir maith agus ar fheabhas iontu, tá roinnt gnéithe i gcoiteannas le sonrú iontu. Ar na gnéithe seo tá tiomantas suntasach ó thaobh na foirne sinsearaí bainistíochta agus na foirne gairmeacha de i leith fhorbairt an chláir oibre CEIAG ar bhonn uilescoile, agus fís shoiléir straitéiseach agus eolas fónta ar riachtanais na ndaltaí mar bhonn fúithi. Bhí dianmhonatóireacht agus breithmheas ar chleachtas le sonrú i gcónaí aon áit a raibh an cleachtas idir iontach maith agus ar fheabhas agus ba mhinic cleachtóirí dea-oilte CEIAG á stiúradh seo agus iad ag tagairt do na táscairí cáilíochta CEIAG agus d'uirlisí eile féinmheastóireachta. Bhí naisc le fostóirí, le pobail áitiúla agus le soláthróirí breisoideachais agus ardoideachais dea-fhorbartha sna scoileanna seo. De bhreis air seo, cuireadh le agus leathnaíodh réimse na faisnéise, na comhairle agus na treorach a tugadh do dhaltaí le naisc mhaithe le Seirbhís Gairmeacha RFF. Sa chleachtas is fearr, soláthraíodh clár comhleanúnach tacúil le hacmhainní iomchuí do dhaltaí agus bhí béim láidir ar fhorbairt leanúnach scileanna agus ar an chinnteoireacht ag na heochairphointí aistrithe. Léiríonn na scoileanna seo eolas fónta ar a gcuid daltaí agus déanann siad monatóireacht chórasach ar a gcuid inniúlachtaí agus ar a gcuid suimeanna. Tá sé seo le sonrú go háirithe in earnáil na scoileanna speisialta mar a dtugann múinteoirí aird

mhaith ar an chlár CEIAG a chur in oiriúint do riachtanais daltaí aonair, riachtanais a bhíonn go minic suntasach agus dúshlánach.

Sna scoileanna sin inar measadh go raibh an soláthar CEIAG sásúil, is minic go mbíonn na múinteoirí CEIAG ag obair gan treoir láidir straitéiseach ón bhainistíocht agus go mbíonn easpa comhleanúnachais agus tacaíochta don chlár s'acu tríd an scoil. Ní thacaítear go maith leo trí am a roinnt go discréideach le go dtig leo an t-ábhar a theagasc agus ní bhíonn an t-am acu le monatóireacht agus breithmheas a dhéanamh ar sholáthar. Tá gá le clár níos comhleanúnaí sna scoileanna seo le go dtig gnéithe den dúbailt curaclaim a sheachaint agus lena chinntiú go n-íoslaghdaítear ar fhorluí ar fud na scoile.

D'fhoilsigh an tSeirbhís Gairmeacha Tuairisc Bhliantúil in 2008/09 agus 2009/10 inar leagadh amach gníomhaíochtaí, sásamh custaiméirí agus éachtaí tábhachtacha. Tá an tuairisc is deireanaí le fáil ar http://www.careersserviceni.com/Cultures/en-GB/CareerService/Publications/

Ag leibhéal na hEorpa tá an tSeirbhís Gairmeacha rannpháirteach mar chuid d'fhoireann na RA i nGréasán Polasaí na hEorpa um Threoir ar feadh an tSaoil agus aird faoi leith acu san obair ar Cháilíocht agus Tionchair. Forbraíodh srac-chreat cáilíochta agus tionchar mar thoradh ar an obair idir 2008 agus 2010 agus déanfar tástáil agus breithmheas air seo in 2011-12.

De bhreis air seo, thug an tSeirbhís Gairmeacha faoi thionscadal d'fhonn sainmhíniú a dhéanamh ar thomhais tionchair a bhaineann go sonrach leis an tSeirbhís Gairmeacha. Eiseofar tuairisc i dtaca leis an tionscadal ag deireadh an Mheithimh, 2011.

FORBAIRT GHAIRMIÚIL A FHEABHSÚ

Gníomh 17

Creataí éifeachtacha cáilíochtaí agus CDP a fhorbairt do gach dá bhfuil baint acu le CEIAG faoi Mhárta 2013.

AR BUN: Tá an tSeirbhís Gairmeacha agus Cumann Gairmeacha Scoileanna agus Choláistí Thuaisceart Éireann (NISCA) mar ionadaithe do Thuaisceart Éireann ar Phainéal Toghlaigh Gairmeacha Lifelong Learning UK (LLUK). Táthar i ndiaidh Caighdeáin Náisiúnta Oibre úra agus Straitéis Cáilíochtaí úr a fhorbairt le haghaidh eagraíochtaí arb é a bpríomhfheidhm treoir a sholáthar.

Mar chuid dá dtiomantas don ghairmiúlacht agus don fhorbairt leanúnach ghairmiúil (CPD), tá RFF le tacú le gach bainisteoir agus comhairleoir de chuid na Seirbhíse Gairmeacha le go dtig leo bheith ina mball d'Institiúid na Gairmtreorach (ICG). Bíonn ar bhaill aontú le cód eitice ICG agus faigheann siad

nuashonrú rialta maidir le gníomhaíochtaí um fhaisnéis agus treoir faoi ghairmeacha agus bíonn faill acu ar imeachtaí oiliúna.

Rinne an tSeirbhís Gairmeacha sraith d'imeachtaí CPD a reáchtáil chomh maith d'fhonn comhairleoirí gairmeacha a choinneáil ar an eolas maidir le scileanna agus LMI. De bhreis air seo, éascaítear do bhaill foirne freastal a dhéanamh ar imeachtaí forbartha ábhartha agus táthar ag tacú leo i láthair na huaire faoin scéim Assistance to Study de chuid RFF, le go dtig leo MSc sa Ghairmtreoir a chur i gcrích.

Sainaithníodh oiliúint chreidiúnaithe do bhaill d'fhoirne tacaíochta gairmeacha ina riachtanas forbartha ríthábhachtach agus tá oiliúint NVQ leibhéal 3 le tosú i mBealtaine 2011.

Aithnítear an ról tábhachtach atá ag múinteoirí agus ag múinteoirí gairmeacha go háirithe maidir le dearadh agus seachadadh an chláir CEIAG. Tá líon na ndeiseanna CPD atá ann agus atá ar fáil do mhúinteoirí á mheas faoi láthair ag RO. Tabharfar aird ar dheiseanna sainiúla forbartha le go dtig freastal ar riachtanais foirne agus ar mhaithe le faisnéis le go dtig clár forbartha gairmiúil comhleanúnach a sholáthar.

Gníomh 18

Fóram de chomhpháirtithe le bunú faoi Mheán Fómhair 2009.

AR BUN: Aibhsítear sa straitéis gur gá "bheith i dteagmháil leanúnach leis an phobal CEIAG le go dtig tuiscint ar na cliaint agus na cineálacha seirbhísí a sholáthraítear a fheabhsú, d'fhonn faisnéis maidir le forbairtí laistigh den earnáil a chomhroinnt agus leis an dea-chleachtas a chomhroinnt."

Ó lainseáladh an straitéis tá roinnt forbairtí i ndiaidh tarlú in earnáil na gairmtreorach ar fud na RA. Foilsíodh tuairisc maidir le Careers Profession Taskforce i nDeireadh Fómhair 2010[1] agus bunaíodh Careers Professional Alliance (CPA) d'fhonn cód de phrionsabail eiticiúla agus de chaighdeáin phroifisiúnta ar fud na RA ar cheart do gach gairmí gairmtreorach bheith ag obair ina dtreo. **Cuimsítear 6 chomhlachas ghairmiúla sa CPA, tá na sonraí ar fáil in Iarscríbhinn B. Táthar i ndiaidh bunú fóram áitiúil CEIAG a chur ar feitheamh go dtí go bhfeicfear cé na forbairtí a dhéanfar ag leibhéal náisiúnta.**

Táthar i ndiaidh an caidreamh a neartú idir an tSeirbhís Gairmeacha, NISCA agus ICG agus i ndiaidh na gComhdhálacha rathúla Bliantúla i bhfómhar 2010, tá an grúpa stiúrtha CEIAG ag machnamh ar dhóigheanna éifeachtacha éifeachtúla

[1] Towards a Strong Careers Profession ar fáil lena íoslódáil http://www.education.gov.uk/publications/standard/publicationdetail/page1/DFE-00550-2010

le dul i bhfeidhm ar an earnáil agus leis an dea-chleachtas a scaipeadh ar scála níos leithne. Is é an chéad chéim go ndéanfaidh RO agus RFF imeachtaí craobhscaoilte a eagrú le díriú ar eochaircheisteanna. Reáchtálfar an chéad cheann de na himeachtaí seo, comhdháil dar teideal "Education and Career Decisions – Routes to Employment and Social Engagement" in Greenmount ar 1 Meitheamh 2011 agus beidh sí dírithe go príomha ar ceannairí bunscoile. Tá sé beartaithe go mbeifear in ann tarraingt ar fhaisnéis ón imeacht seo le haghaidh na bpleananna le himeacht bliantúil faoi choinne páirtithe leasmhara a fhorbairt i dTuaisceart Éireann.

CÁS-STAIDÉIR MAIDIR LE CEIAG ÉIFEACHTACH

Cás-Staidéir na Seirbhíse Gairmeacha – dul chun cinn a d'athraigh saol trí chúnamh ón chomhairle gairmeacha agus an uirlis mheasúnaithe MAPS.

Cúlra
Is uirlis mheasúnaithe é MAPS (Measuring Attitude, Aprtitude and Personal Style) atá dírithe ar dhul i bhfeidhm ar dhaoine aonair a bhfuil bacainní suntasacha idir iad agus rannpháirtíocht rathúil san oideachas, san oiliúint, nó san fhostaíocht, agus ar a spreagadh. Táthar i ndiaidh Comhairleoirí Gairmeacha a oiliúint leis an mhodúl Pearsantachta (PSI) a riar agus le haiseolas a sholáthar. Tá réimse leathan d'úsáidí féideartha ag baint leis an mhodúl seo, ó phearsantachtaí a fhiosrú agus a thuiscint go dtí táscairí fóinteacha maidir le roghnachais foghlama agus roghanna féideartha gairmeacha a sholáthar. Tógann sé caidreamh agus comhthuiscint idir an cliant agus an Comhairleoir Gairmeacha trína gcuidítear leis an chliant a c(h)uid fadhbanna 'féin' a shainaithint agus é/í ag glacadh freagrachta as na roghanna a dhéanann sé/sí.

Fuair beirt chliant de chuid na Seirbhíse Gairmeacha sparánacht náisiúnta ag an Bhronnadh Náisiúnta Gairmeacha de chuid ICG i mí Feabhra 2011 as ucht dul chun cinn a rinne siad bunaithe ar an uirlis mheasúnaithe MAPS. Léiríonn an obair a cuireadh ar taispeáint próifíl chliant uile-aoise na Seirbhíse Gairmeacha. Is sárthaispeántas é seo chomh maith den rathúlacht maidir leis an obair le cliaint atá leochaileach nó atá i mbaol an eisiaimh shóisialaigh agus cliaint a bhfuil tréith na fiontraíochta iontu agus ar spéis leo torthaí féinfhostaíochta.

Bronntar an Sparánacht MAPS ar an bheirt is fearr gach bliain a léiríonn dul chun cinn a athraíonn saol tríd an chúnamh a fhaigheann siad ón Chomhairleoir Gairmeacha s'acu agus MAPS in úsáid.

Buaiteoir Sparánachta – Kirsty (Dalta Bhliain 13)

I ndiaidh gur éirigh go maith léi sna scrúduithe GCSE, bhí Kirsty i ndiaidh tús a chur le Bliain 13 ach bhí sí ag meabhrú ar an scoil a fhágáil nó bhí sí buartha faoi

na scrúduithe ard-leibhéil. Rinne an scoil teagmháil le Comhairleoir Gairmeacha de chuid RFF agus bhain seisean feidhm as an uirlis mheasúnaithe MAPS. Dar le Kirsty go raibh an uirlis MAPS agus na torthaí a fuair sí mar aon leis an fhaisnéis, comhairle agus treoir neamhchlaonta faoi ghairmeacha a tugadh di ríthábhachtach maidir lena cuid smaointeoireachta ar an chumas s'aici, a cuid scileanna, a cuid cáilíochtaí agus a cuid mianaidhmeanna gairmeacha a athrú. Mhothaigh sí gur céim thábhachtach a bhí anseo ónar bhain sí an iontaoibh agus an fhéinmhuinín le dul sa tóir ar an ghairmréim s'aici. Arsa Kirsty "Rinne sé difríocht mhór domh MAPS a dhéanamh agus labhairt leis an tSeirbhís Gairmeacha. Chuir an t-eispéireas seo a smaoineamh mé maidir le cá háit a raibh mé, cá háit a raibh mé ag iarraidh dul agus cé na rudaí a bhí mé a iarraidh ón saol. D'aibhsigh sé domh na rudaí ba mhian liom, chuir sé béim ar na scileanna agus na cáilíochtaí atá agam agus thug muinín domh dul sa tóir ar mo chuid mianaidhmeanna. Mholfainn do dhuine ar bith atá ag meabhrú ar a ghairmréim féin teagmháil a dhéanamh leis an tSeirbhís Gairmeacha."

Shocraigh Kirsty go bhfanfadh sí sa scoil lena cuid ard-leibhéal a chur i gcrích agus tá iarratas déanta aici le staidéar a dhéanamh ar an altranas.

Buaiteoir Sparánachta – Angela (Cliant fásta)
Labhair Angela le Comhairleoir Gairmeacha sa bhliain 2010 maidir lena cuid roghanna gairmeacha nó tharla idir dhá chomhairle í maidir leis an tslí bheatha a rachadh sí léi. Bhí Angela i gcónaí ag iarraidh gnólacht dá cuid féin a bheith aici ach dar léi nach raibh riamh an t-am ceart ann. Phléigh an Comhairleoir Gairmeacha eispéiris den obair léi, idir dhearfach agus dhiúltach, scileanna inaistrithe, buanna agus laigí, suimeanna lasmuigh den obair agus mianaidhmeanna gairmeacha. Thug sí faisnéis, comhairle agus treoir faoi ghairmeacha maidir leis na roghanna éagsúla a bhí ar fáil d'Angela agus d'úsáid sí an uirlis MAPS chomh maith. Mhothaigh Angela go raibh an chomhairle faoi ghairmeacha ar fheabhas agus mheas sí luach as cuimse a bheith ag baint leis an uirlis MAPS nó thug MAPS léargas di uirthi féin agus ar na cineálacha gairmeacha a bheadh fóirsteanach di.

Arsa Angela "Ba é sin an fíor-thúsphointe domhsa agus thug sé an-ábhar machnaimh domh. Ón chruinniú sin tá clár maidir le gnólachtaí nua-thionscanta curtha i gcrích agam agus faoi dheireadh chuir mé tús le gnólacht de mo chuid féin, 'Cashmere Candles' – gnólacht déantúsaíochta agus dáiliúcháin a dhíolann só-choinnle cumhra. Tá ag éirí go measartha maith leis an ghnólacht, in ainneoin na timpeallachta eacnamaíche agus tá go leor siopaí anois sa Tuaisceart ina ndíoltar na coinnle s'agam."

CÁS-STAIDÉIR SCOILE

Tá samplaí sna cás-staidéir seo a leanas den dea-chleachtas in iar-bhunscoileanna. Sa dá chás, is amhlaidh go bhfuil comhaontú éifeachtach

comhpháirtíochta i ndiaidh a leagtha síos idir an scoil agus an tSeirbhís Gairmeacha agus déantar athbhreithniú rialta air seo.

Samhail Éifeachtach CEIAG Scoile

I scoil mhór tuaithe, dheonach ghramadaí, atá faoi chothabháil agus ar scoil buachaillí í, áit a raibh caighdeán an tsoláthair don CEIAG iontach maith, tá tiomantas suntasach le sonrú ó thaobh na foirne sinsearaí bainistíochta de, i leith clár comhleanúnach tacúil infhostaitheachta le hacmhainní iomchuí agus i leith soláthar gairmeacha ar fud na scoile. Tá fócas láidir, a thosaíonn i mBliain 8, ar fhorbairt leanúnach a dhéanamh ar scileanna agus tréithe pearsanta na ndaltaí le go dtig leo cinntí réadúla eolasacha ciallmhara a dhéanamh ag eochairphointí aistrithe.

Déantar an soláthar a stiúradh agus a bhainistiú go han-éifeachtach; tá ceann na ngairmeacha díograiseach, forchéimnitheach agus machnamhach agus tá roinn láidir forbartha aige. Tá naisc mhaithe i ndiaidh a bhforbartha le réimse leathan d'eagraíochtaí iomchuí seachtracha agus baintear úsáid éifeachtach astu seo. Tá an-aithne ag na múinteoirí gairmeacha ar na daltaí; déanann siad monatóireacht, taifeadadh agus anailísiú córasach ar a gcuid inniúlachtaí, suimeanna, mianaidhmeanna agus dul chun cinn. Mar thoradh air seo, baineann na daltaí sochar as comhairle agus treoir ar ardchaighdeán faoi ghairmeacha agus bíonn tuiscint mhaith acu ar shaol na hoibre agus ar na deiseanna oideachais, oiliúna agus fostaíochta atá ar fáil go háitiúil agus níos faide ar shiúl. Bítear ag tacú go maith, go háirithe, leis na daltaí iar-16 trí sholáthar éifeachtach a fhí isteach sa chlár ama, trí shocrúcháin ábhartha taithí oibre, trí rochtain mhaith ar mhúinteoirí gairmeacha ar bhonn aonair agus trí threoir agus ullmhúchán iontach maith maidir le hiarratais ollscoile agus agallaimh bhainteacha. Eascraíonn eispéiris fhónta do dhaltaí i rith an ama as an phleanáil fhairsing chomhpháirteach a dhéantar don soláthar CEIAG; tá caighdeán an teagaisc sna gairmeacha agus san infhostaitheacht iontach maith agus déantar freastal iontach maith ar riachtanais na ndaltaí.

Tugann an scoil réimse den scoth de dhoiciméadacht atá ar ardchaighdeán do dhaltaí agus dá dtuismitheoirí le cuidiú leo roghanna a dhéanamh ag na heochairphointí aistrithe. Tá aitheanta ag an scoil gur gá úsáid na timpeallachta fíorúla foghlama a fhorbairt d'fhonn réimse agus éagsúlacht na n-eispéireas a chuirtear ar fáil do na daltaí a leathnú.

CEIAG a fhorbairt tríd an Phobal Foghlama Ceantair

I iar-bhunscoil mhór neamhroghnaitheach 11-18 atá faoi chothabháil agus atá in iarthar Bhéal Feirste, áit a bhfuil caighdeán foriomlán an CEIAG iontach maith, tá fís straitéiseach ag an Phríomhoide maidir le caighdeán ard an CEIAG agus faigheann sé tacaíocht ón cheann roinne agus ó cheann na ngairmeacha. Is ball

gníomhach í an scoil den Phobal Foghlama Ceantair áitiúil agus mar thoradh ar an chomhoibriú éifeachtach seo, táthar i ndiaidh comhpholasaí a fhorbairt le treorú comhleanúnach a dhéanamh ar fhorbairt todhchaí an CEIAG i ngach ceann de na scoileanna rannpháirteacha.

Soláthraítear, leis na cláir churaclaim CEIAG atá dea-chomhtháite agus dalta-lárnaithe, deiseanna iontach maith ag EC3 agus 4 do na daltaí le go dtig leo foghlaim faoi shaol na hoibre agus cinntí eolasacha gairmeacha a dhéanamh. Tá naisc ilghnéitheacha bunaithe ag an scoil, trí thiomantas, dhúthracht agus dhíograis na foirne gairmeacha, le héagsúlacht de chomhpháirtithe gnó agus tionsclaíochta mar aon le soláthróirí breisoideachais agus ardoideachais. De bhreis air seo, bíonn teacht ag gach dalta ar na Comhairleoirí Gairmeacha de chuid RFF agus ar agallaimh comhairle agus treorach aonair faoi ghairmeacha, go háirithe ag na heochairphointí aistrithe. Ag leibhéal iar-16, déanann na baill foirne sainainmnithe na ranganna a phleanáil go maith agus a chomhordú agus a sheachadadh go héifeachtach.

Mar thoradh ar sheisiún forbartha foirne uilescoile ar na mallaibh maidir le CEIAG, tá iniúchadh déanta ag gach roinn ar scéimeanna oibre agus tá deiseanna iomchuí sainaitheanta acu le go dtig breisfhorbairt a dhéanamh ar ghairmeacha, lena n-áirítear béim ar ETIM a mhéadú. Tá tionchar dearfach ag an chleachtas iontach maith seo ar eispéiris oideachais níos leithne na ndaltaí.

ACHOIMRE AGUS PRÍOMHDHÚSHLÁIN

Tá de bhuntáiste ag “Ag Ullmhú don Rathúlacht” go bhfuil fócas ann ar sholáthar do gach aoisghrúpa agus ar úinéireacht RO agus RFF, na ranna atá freagrach as oideachas, fostaíocht agus scileanna.

Ó lainseáladh an straitéis i mí Eanáir 2009, tá an staid eacnamaíoch i ndiaidh a hathraithe go suntasach agus tá géarú tagtha ar an ghá atá le hoideachas, faisnéis, comhairle agus treoir éifeachtach faoi ghairmeacha do dhaoine óga agus do dhaoine fásta. Tá an cur chuige i leith na gairmtreorach ag athrú sna ranna riaracháin déabhlóidithe eile, le béim níos mó ar chur chuige le haghaidh gach aoisghrúpa agus béim níos mó ar úsáid na teicneolaíochta d’fhonn an eolaíocht a sheachadadh.

Tá dul chun cinn suntasach déanta le dhá bhliain anuas agus tá feabhsúcháin i ndiaidh a gcurtha i gcrích maidir le teagmháil le lucht gnó agus le foghlaim obair-bhainteach; feabhsúcháin sa CEIAG maidir le hábhair agus gairmeacha ETIM; LMI níos comhleanúnaí insroichte a bheith ar fáil; socruithe feabhsaithe comhpháirtíochta idir scoileanna agus an tSeirbhís Gairmeacha d’fhonn faisnéis, comhairle agus treoir neamhchlaonta faoi ghairmeacha a sheachadadh; saoráidí feabhsaithe agus roghnúchán méadaithe i measc cliant fásta. Tá dul chun cinn déanta chomh maith sa mhéid is gur glacadh leis na caighdeáin cáilíochta de chuid ETI agus gur fiosraíodh caighdeáin eile a ndéantar iad a mheas go seachtrach agus gur forbraíodh cáilíochtaí fóirsteanacha do dhaoine atá ag obair in earnáil na ngairmeacha.

Sa bhliain seo atá amach romhainn, leanfaidh muid leis an fhorfheidhmiú de réir na ngníomhartha comhaontaithe uilig. Luífidh na príomhdhúshláin le forbairt leanúnach a dhéanamh ar theagmhálacha le lucht gnó agus ar fhoghlaim obair-bhainteach faoi scáth na héiginnteachta eacnamaíche. Tá dúshlán faoi leith ann sa mhéid is gur gá cultúr maidir le hionchais agus mianaidhmeanna a chothú i measc daltaí, a dteaghlaigh agus a bpobail agus gur gá luach an oideachais a aithint. Fágann cuspóir an Fheidhmeannais an geilleagar anseo a fhás, a athchothromú agus a atógáil gur gá deiseanna a thabhairt do dhaltaí an t-eolas, an meon agus na scileanna a fhorbairt a bheidh ríthábhachtach do chruthaitheoirí maoine, d’fhiontraithe, d’fhostóirí agus d’fhostaithe na todhchaí. Is minic daoine á stiúradh ar shiúl ó ghairmeacha san earnáil phríobháideach nó san fhéinfhostaíocht go dtí earnáil phoiblí atá á chrapadh faoi láthair. Cuirfidh tábhacht an oideachais, na faisnéise, na comhairle agus na treorach ar ardchaighdeán faoi ghairmeacha ar a gcumas, sa saol seo atá ag éirí níos domhandaithe, freagairt go dearfach solúbtha i láthair oibre atá ag athrú go gasta.

Cur chuige ilchainéalach a fhorbairt i leith sheachadadh na seirbhísí; breisfhorbairt ar Ionaid Acmhainní Gairmeacha éifeachtacha le freastal ar

riachtanais daoine óga agus riachtanais na gcliant fásta, a bhfuil níos mó acu ag dul i muinín na seirbhíse; agus cur chuige a fhorbairt lena chinntiú go mbíonn ról lárnach ag tuismitheoirí agus iad eolach ar na deiseanna CEIAG atá ar fáil.

Tá RO agus RFF tiomanta i gcónaí don fhís atá leagtha amach in “Ag Ullmhú don Rathúlacht” agus tá siad meáite ar leanúint le forfheidhmiú na straitéise.

IARSCRÍBHINN A

BAILL DEN GHRÚPA STIÚRTHA CEIAG

Nuala Kerr (comhchathaoirleach)	Stiúrthóir Roinn Scileanna agus Tionscail	RFF
Katrina Godfrey (comhchathaoirleach)	Stiúrthóir na gCaighdeán Curaclaim agus na gCáilíochtaí	RO
Judith Shaw	Ceann Polasaí agus Straitéis Gairmeacha	RFF
Frances O’Hara	Ceann Oibríochtaí na Seirbhíse Gairmeacha	RFF
Harriett Ferguson	Ceann Polasaí Breisoideachais 14-19	RFF
Dorina Edgar	Ceann Fhoireann Teidlíochta Curaclaim 14-19	RO
Russell Welsh	Foireann Forbartha Curaclaim	RO
Mark Pinkerton	Aonad na Straitéise Eacnamaíche	RFTI
Sam McAvoy	Cigire – Sainriachtanais Oideachais	ETI
Deirdre Gillespie	Cigire Bainistíochta	ETI
Gordon Parkes	Northern Ireland Business Alliance	

IARSCRÍBHINN B

CAREERS PROFESSION ALLIANCE – BALL-EAGRAIS

ACEG	Association of Careers Education and Guidance
AGCAS	Association of Graduate Careers Advisory Services
NAEGA	National Association for Educational Guidance for Adults
ICG	Institute of Careers Guidance
ACP	International Association of Careers Professionals
NISCA	Northern Ireland Schools and Colleges Careers Association

GLUAIS TÉARMAÍ

ALC	Pobal Foghlama Ceantair
CEIAG	Oideachas, Faisnéis, Comhairle agus Treoir faoi Ghairmeacha
CEIAG	Faisnéis, Comhairle agus Treoir faoi Ghairmeacha
CPA	Careers Profession Alliance
CPD	Forbairt Ghairmiúil Leanúnach
RO	An Roinn Oideachais
RFF	An Roinn Fostaíochta agus Foghlama
EGSA	Educational Guidance Service for Adults
ELB	Bord Oideachais agus Leabharlann
ETI	An Chigireacht Oideachais agus Oiliúna
ICG	Institiúid na Gairmtreorach
LLUK	Lifelong Learning UK
LLW	Foghlaim don Saol agus don Obair
LMI	Faisnéis faoin Mhargadh Fostaíochta
ETIM	Eolaíocht, teicneolaíocht, innealtóireacht agus matamaitic
MAPS	Measuring Attitude, Aptitude and Personal Style
NISCA	Northern Ireland Schools and Colleges Careers Association
PSI	Personality Style Indicators